# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2023/159 ÓN gCOMHAIRLE

**an 23 Eanáir 2023**

**lena leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 31 Eanáir 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2011/72/CBES ([1]) a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis.

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2011/72/CBES, ba cheart síneadh a chur leis na bearta sriantacha go dtí an 31 Eanáir 2024. Ina theannta sin, san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh sin, ba cheart na ráitis ar chúiseanna agus an fhaisnéis aitheantais a leasú le haghaidh cúigir agus ba cheart an fhaisnéis aitheantais a nuashonrú do cheathrar eile.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2011/72/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2011/72/CBES mar a leanas:

(1) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 5:

"*Airteagal 5*

1. Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 31 Eanáir 2024.

2. Coimeádfar an Cinneadh seo faoi athbhreithniú leanúnach. Féadfar é a athnuachan nó a leasú, de réir mar is iomchuí, má mheasann an Chomhairle nár comhlíonadh na cuspóirí atá leis.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 23 Eanáir 2023.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

([1]) Cinneadh 2011/72/CBES ón gComhairle an 31 Eanáir 2011 a bhaineann le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine agus eintitis áirithe i bhfianaise na staide sa Túinéis (IO L 28, 2.2.2011, lch. 62).

*IARSCRÍBHINN*

San Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2011/72/CBES, cuirtear na hiontrálacha thíos in ionad na n-iontrálacha seo a leanas i roinn "A. Liosta na ndaoine agus na n-eintiteas dá dtagraítear in Airteagal 1":

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais |
|---|---|---|---|
| "3. | Moncef Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Áit bhreithe: Tunis, Tunisia<br>Dáta breithe: an 4 Márta 1944<br>Uimhir Aitheantais: 05000799<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir bainistíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Yamina SOUIEI | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |
| 9. | Mohamed Naceur Ben Mohamed Ben Rhouma TRABELSI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Áit bhreithe: Tunis, Tunisia<br>Dáta breithe: an 24 Meitheamh 1948<br>An seoladh deiridh is eol dúinn: 20 rue El Achfat — Carthage — Tunis, Tunisia<br>Uimhir Aitheantais: 00104253<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir gníomhach gnóthais talmhaíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Nadia MAKNI | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |
| 12. | Mohamed Adel Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Áit bhreithe: Tunis, Tunisia<br>Dáta breithe: an 26 Aibreán 1950<br>Uimhir Aitheantais: 00178522<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir bainistíochta, mac le Saida DHERIF, pósta le Souad BEN JEMIA | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais |
|---|---|---|---|
| 13. | Mohamed Mourad Ben Mohamed Ben Rehouma TRABELSI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Áit bhreithe: Tunis, Tunisia<br>Dáta breithe: an 25 Meán Fómhair 1955<br>An seoladh deiridh is eol dúinn: 20 rue Ibn Chabat — Salammbô — Carthage -Tunis, Tunisia<br>Uimhir Aitheantais: 05150331<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, POF, mac le Saida DHERIF, pósta le Hela BELHAJ | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |
| 21. | Houssem Ben Mohamed Naceur Ben Mohamed TRABELSI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Dáta breithe: an 18 Meán Fómhair 1976<br>Uimhir Aitheantais: 05412560<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: POF, mac le Najia JERIDI | Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |
| 35. | Slaheddine Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Dáta breithe: an 28 Deireadh Fómhair 1938<br>Uimhir Aitheantais: 02810614<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, mac le Selma HASSEN, pósta le Selma MANSOUR nach maireann | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Forais |
|---|---|---|---|
| 42. | Ghazoua Bent Hamed Ben Taher BOUAOUINA | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Áit bhreithe: Monastir<br>Dáta breithe: an 30 Lúnasa 1982<br>Uimhir Aitheantais: 08434380<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: baineann<br>Faisnéis eile: iníon le Hayet BEN ALI, pósta le Badreddine BENNOUR | Duine atá faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile, agus baint aici le Hayet Ben Ali (Uimh. 33). |
| 46. | Mehdi Ben Tijani Ben Haj Hamda Ben Haj Hassen BEN ALI | Náisiúntacht: Túinéiseach, Francach<br>Áit bhreithe: Paris, France<br>Dáta breithe: an 27 Deireadh Fómhair 1966<br>Uimhir Aitheantais: 05515496<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir cuideachta, mac le Paulette HAZAT | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí (iar-Uachtarán Ben Ali) chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile. |
| 48. | Sofiene Ben Habib Ben Haj Hamda BEN ALI | Náisiúntacht: Túinéiseach<br>Áit bhreithe: Tunis, Tunisia<br>Dáta breithe: an 28 Lúnasa 1974<br>An seoladh deiridh is eol dúinn: 23 rue Ali Zlitni, El Manar 2-Tunis, Tunisia<br>Uimhir Aitheantais: 04622472<br>Tír eisiúna: Tunisia<br>Inscne: fireann<br>Faisnéis eile: éagtha, stiúrthóir díolacháin, mac le Leila DEROUICHE | Duine (éagtha) a bhfuil a ghníomhaíochtaí faoi réir imeachtaí breithiúnacha, nó faoi réir próiseas aisghabhála sócmhainní de bhun rialú críochnaitheach cúirte, ó údaráis na Túinéise maidir le comhpháirteachas i míleithreasú airgid phoiblí arna dhéanamh ag sealbhóir oifige poiblí, comhpháirteachas i mí-úsáid oifige arna déanamh ag sealbhóir oifige poiblí chun buntáiste gan údar a fháil do thríú páirtí agus atá ina cúis chaillteanais don chóras riaracháin, agus tionchar éagórach a imirt ar shealbhóir oifige poiblí d'fhonn buntáiste a fháil, go díreach nó go hindíreach, do dhuine eile." |